

MUSIC GENERATION

MAKING MUSIC EDUCATION HAPPEN

Ireland's National Music Education Programme
A Music Network initiative, co-funded by U2, The Ireland Funds,
The Department of Education and Skills
and Local Music Education Partnerships

Music Generation DAC Tuarascáil Bhliantúil 2017



Réamhrá agus Cur i Láthair	1
1. Cé muid féin	3
2. Spriocanna Straitéiseacha	5
3. Tionchar	9
4. Rialachas	12
5. Comhpháirtithe Maoinithe	13
Aguisíní	14

Réamhrá

Bhí an-áthas orm ról Chathaoirleach Music Generation a ghlacadh i mí Márta 2017, bliain a bhí fíorthábhachtach i ndul chun cinn na heagraíochta. Sheol an eagraíocht cheannródaíoch seo an dara céim de leathnú na heagraíochta laistigh de 12 mhí, tosaíodh ag leathadh amach go dtí áiteanna nua in Éirinn agus cuireadh fáilte roimh ghealltanas an Rialtais an clár a scaipeadh ar fud na tíre.

Ní fhéadfaí an dul chun cinn seo de chuid Music Generation a bhaint amach gan an tiomantas agus an tacaíocht leanúnach a chuir ár gcomhpháirtithe tábhachtacha ar fáil. Ba mhaith liom aitheantas faoi leith a thabhairt do U2, The Ireland Funds, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Music Network, An Chomhairle Ealaíon, agus líonra na gComhpháirtithe Oideachais Ceoil Áitiúil lena n-oibrímid i ndlúthchomhar i dtreo an sprioc choiteann atá againn a bhaint amach: chun saol leanaí agus daoine óga a fheabhsú trí rochtain a bheith acu ar theagasc ceoil.

Chomh maith leis sin, tugann foilsiú na Tuarascála Bliantúla seo do 2017 deis dom fáilte a chur roimh Dheirdre McCrea chuig an mBord, ar cinnte go mbeidh luach suntasach ar a cuid saineolais agus muid ag tabhairt aghaidh ar an gcéad chéim spreagúil eile den chlár.

An cur chuige ceannródaíoch i leith na comhpháirtíochta daonchairdis poiblí an bhunchloch a bhí riamh ag Music Generation agus tá athrú ó bhonn curtha ar oideachas ceoil thaibhithe in Éirinn. Is é an láidreacht is mó a bhaineann leis an eagraíocht go bhfuil an fhís chéanna ag na comhpháirtithe ar fad chun ‘oideachas ceoil a bheith ar fáil’ do na páistí agus do na daoine óga lena mbímid ag obair. Táim ag súil le leanúint ar aghaidh i mbun comhoibrithe leis na Comhaltaí eile de chuid an Bhoird, le Feidhmeannach Music Generation, agus lenár gcomhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta chun tógáil ar a bhfuil curtha i gcrích go dtí seo, agus chun fad a chur le raon an chláir bhunaithrithigh seo sa bhliain amach romhainn.

Leo Blennerhassett, Cathaoirleach

Cur i Láthair

Is é an fhís chumhachtach atá taobh thiar de Music Generation ó bunaíodh é in 2010 ná rochtain uilíoch ar theagasc ceoil a chur ar fáil do gach páiste agus duine óg gan bheann ar chúinsí saoil. In 2017 rinneadh dul chun cinn den scoth ar an aistear i dtreo na sprice coitinne seo tríd an obair thiomanta comhpháirtíochta a chuir deontóirí, lucht maoinithe agus comhpháirtithe i gcrích.

Fógraíodh i mí Iúil go mbeifí ag leathnú Music Generation amach go dtí naoi gceantar eile in Éirinn, a bhuíochas sin d'infheistíocht an athuair ó U2 agus The Ireland Funds, agus mar thoradh ar thacaíocht an Rialtais don chéad chéim eile den chlár. I mí Meán Fómhair fógraíodh na naoi gceantar a roghnaíodh le haghaidh na comhpháirtíochta, rud a chuir deis ar fáil do na mílte páiste agus duine óg eile rochtain a fháil ar eispéiris nua ceoil a chuirtear ar fáil ó oideachasóirí ionspráideacha ceoil.

Chomh maith leis sin thug ceoltóirí óga sraith taispeántas in 2017 a léirigh saibhreas agus ilghnéitheacht na hoibre a bhíonn ar siúl gach lá i bpobail áitiúla. Ina measc sin bhí taispeántais don Uachtarán Michael D. Higgins, do Phríomh-Aire Cheanada, Justin Trudeau i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus don Chaoine-Mhórgacht an Prionsa Albert II, Prionsa Ceannasach Mhonacó, mar chuid de Chomhdháil Dhomhanda *The Ireland Funds* 2017. Is trí na hócáidí seo a thugtar deis do Music Generation a léiriú don phobal i gcoitinne na deiseanna suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag páistí agus ag daoine óga tríd an gceol.

Bhain Music Generation cloch mhíle mhór amach in 2017 nuair a d'fhógair an Taoiseach, Leo Varadkar tiomantas an Rialtais chun tacú le leathadh an chláir ar bhonn náisiúnta faoi 2022. Ní fhéadfaí an t-éacht stairiúil sin a chur i gcrích gan obair thiomanta comhpháirtíochta ár nDeontóirí Daonchairdiúla, An Roinn Oideachais agus Scileanna, agus an líonra Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla. Leanfaimid orainn ag obair go dúthrachtach lenár spriocanna coiteanna a bhaint amach in 2018 agus níos faide amach, le go mbeifear in ann na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga trí theacht a bheith acu ar oideachas ceoil thaibhithe ar ardchaighdeán.

Rosaleen Molloy, Stiúrthóir Náisiúnta

1. Cé muid féin

Is é Music Generation an Clár Náisiúnta maidir le hOideachas Ceoil in Éirinn a chuireann athrú ó bhonn ar shaol leanaí agus dhaoine óga trí dheis a thabhairt dóibh, ina gceantar féin, ar oideachas ardchaighdeán i seinm an cheoil. Chuir Music Network tús le Music Generation agus déanann U2, The Ireland Funds, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla cómhaoiniú air.

Fís

‘Tá an méid a theastaíonn uainn a bhaint amach an-simplí i ndáiríre. Táimid ag iarraidh a chinntiú go mbeidh teacht ag cách, beag beann ar a gcuid cúinsí, ar theagasc an cheoil. Is é sin an smaoineamh atá taobh thiar de.’ (Bono/U2)

Plean Straitéiseach Music Generation, 2016 – 2021

Misean

Athrú a chur ar shaol leanaí agus daoine óga trí rochtain ar oideachas ardchaighdeán i seinm an cheoil, iad a chumasú lena gcruthaitheacht a fhorbairt, lena lán-acmhainneacht a bhaint amach, agus cur lena bhforbairt phearsanta, laistigh de phobal bríomhar ceoil.

Plean Straitéiseach Music Generation, 2016 – 2021

An Bord

Bunaíodh Music Generation DAC mar fhochuideachta de Music Network CLG, agus tá Music Generation á rialú ag naoi gcomhalta atá ar an mBord Stiúrtha.

Comhaltaí Boird Music Generation in 2017:

- **Leo Blennerhassett** Cathaoirleach (ó Mhárta 2017) ó Comhairleoir Bainistíochta agus iar-Bhainisteoir Stiúrtha ar Accenture Ireland
- **Pat Burke** Iar-Ard-Rúnaí Cúnta sa Roinn Oideachais agus Cathaoirleach Coimisiún na Scrúduithe Stáit le gairid anuas
- **An Dr Clíona Doris** Ceannasaí, Léann na Ceolfhoirne, Ardscoil Ceoil agus Drámaíochta Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath
- **Martin Drury** Coimeádaí agus Comhairleoir Neamhspleách
- **Shaun Purcell** Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
- **Jackie Maguire** Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae na Mí
- **Deirdre McCrea** (ó Mheitheamh 2017) Sainchomhairleoir ar na hEalaíona Neamhspleácha agus IarPhríomhoifigeach Feidhmiúcháin de chuid Music Network
- **James Morris** Bunaitheoir Windmill Lane Studios, Windmill Lane, Pictures and the Mill, (Londain), ag obair faoi láthair le Windmill Lane chun Stiúideo Maisíochta Físe a bhunú i mBaile Átha Cliath
- **Bill Whelan** Ceoltóir agus Cumadóir

An Fhoireann

Foireann Oifig Náisiúnta Forbartha Music Generation in 2017:

- **Rosaleen Molloy**, An Stiúrthóir Náisiúnta
- **Eve O’Kelly** Bainisteoir Tacaíochta agus Forbartha MEP
- **Aoife Lucey** Bainisteoir Cumarsáide agus Margaíochta
- **Helen Grant** Bainisteoir Airgeadais
- **Cathriona Grange** Bainisteoir Oibríochtaí

- **Kevin O'Brien** Cúntóir Riaracháin

Cúrsaí Airgeadais

- B'ionann ioncam iomlán Music Generation le linn na bliana 2017 agus €3,081,633.
- Fuarthas bunmhaoiniú €494,229 ón Ireland Funds agus fuarthas €2,485,000 ón Státchiste tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Fuair Music Generation €89,992 freisin tríd an gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon a chuireann luach breise le cláir croíláir Comhpháirtíochta Oideachais Ceoil.
- Áiríodh ar ioncam eile a fuarthas (€12,412) taise airgid agus maoiniú le tacaíocht a chur ar fáil do dheiseanna taibhithe ceoltóirí óga. Tá ráiteas airgeadais maidir leis an mbliain dár críoch an 31 Nollaig 2017 ar fáil ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí.
- Clúdaíonn na cistí a leithdháiltear ar Music Generation costais eisíocaíochta cláir do Chomhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla agus costais reatha na hOifige Náisiúnta Forbartha.

2. Spriocanna Straitéiseacha

Tosaíocht Straitéiseach 1: FÁS		
Spriocanna	Gníomhartha	Spriocanna a cuireadh chun cinn in 2017
<ul style="list-style-type: none"> Leathnú chuig níos mó ceantar ar fud na tíre Cothú a dhéanamh ar fhás i dtéarmaí méid an tsoláthair leis na Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil atá ann cheana agus a bunaíodh i gCéim 1 	<ul style="list-style-type: none"> Comhpháirtíochtaí Oideachais nua Ceoil (MEPanna) a chómhaoiniú agus oibriú leo Treoir agus tacaíocht a thabhairt don mhéid a chuireann na MEPanna atá ann cheana ar fáil chun cur le méid an tsoláthair agus iad ag díriú ar chur le hacmhainn chun: <ul style="list-style-type: none"> Cothabháil agus athrú a dhéanamh ar éagsúlacht na hoibre i measc ceoltóirí ar fud scála an oideachais i seinm an cheoil Cothú a dhéanamh ar fhás, dul chun cinn agus neamhspleáchais ceoil leanaí/daoine óga ar fud ilchineálacht cláir, seánraí ceoil agus comhthéacs Leagan amach cláir fadama a fhorbairt a dhéanann cumasú ar chomhpháirtíocht ghníomhach idir ceoltóirí agus leanaí/daoine óga Leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh chun an comhoibriú a spreagadh idir MEPanna Music Generation trí thionscadail réigiúnacha agus náisiúnta Leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh i ndeiseanna foghlama agus líonraithe do raon comhpháirtithe atá rannpháirteach in éiceachóras comhpháirtíochta níos leithne Music Generation 	<ul style="list-style-type: none"> 9 gCeantar nua MEPanna roghnaithe le bheith rannpháirteach Tiomantas an Rialtais chun Music Generation a leathnú ar fud na tíre faoi 2022 fógartha mar chuid de Phlean Óige Chruthaitheach de chuid an Chláir Éire Ildánach Trí fheidhm leanúnach acmhainní Tacaíochta agus Forbartha na hOifige Náisiúnta Forbartha: <ul style="list-style-type: none"> Tacú le clár forbartha leanúnach na MEPanna Pleannana MEPanna a chur i bhfeidhm agus tacú le foghlaim i gcomhpháirt idir MEPanna An dlúth-theagmháil idir seachadadh cláir agus cleachtadh ceoltóirí sna MEPanna coinnithe; aiseolas tráthúil agus cuiditheach curtha ar fáil Seachadadh 7 dtionscadal i gcomhar idir MEPanna faoin tsraith Tionscadail Náisiúnta in 2017 Cuireadh 4 cheardlann réigiúnacha do cheoltóirí ar fáil a bhí dírithe ar thaighde ar <i>Possible Selves in Music</i> a scaipeadh

Tosaíocht Straitéiseach 2: INBHUANAITHEACHT		
Spríocanna	Gníomhartha	Spríocanna a cuireadh chun cinn in 2017
<ul style="list-style-type: none"> Leanadh, trí chomhpháirtíocht, le forbairt, neartú agus cothabháil a dhéanamh ar an mbonneagar don oideachas i seinm an cheoil Tacaíocht a thabhairt d'fhiúntas an oideachais i seinm an cheoil i saol leanaí/daoine óga trí rannpháirtíocht éifeachtach leis na príomhgheallsealbhóirí agus le spriodhreamanna 	<ul style="list-style-type: none"> Oibriú le Daonchairde, leis an Rialtas agus le MEPanna Áitiúla, trí chomhpháirtíocht poiblí-príobháideach, chun leanúint le sruthanna maoinithe inbhuanaithe fadtéarmacha a bhaint amach. Oibriú go héifeachtach le MEPanna nua agus le MEPanna atá ann cheana trí fhreagairt go straitéiseach ar bhealach comhordaithe d'fhorbairt fadtéarmach agus do riachtanais inbhuanaitheachta Cur le heolas an phobail ar an tionchar atá ag Music Generation Cur le hobairt MEPanna agus í a chur chun cinn Guth na hóige a chumhachtú trí ardán a chur ar fáil d'abhcóideacht leanaí/daoine óga maidir le hoideachas i seinm an cheoil 	<ul style="list-style-type: none"> Tacaíocht dhaonchairdiúil ó U2 agus The Ireland Funds do Chéim 2 de Music Generation coinnithe, chomh maith le deontas ó Bank of America Merrill Lynch Charitable Foundation 50% d'ioncam tiomsaithe go háitiúil agus cothaithe ag Comhpháirtíochtaí Oideachais Áitiúla Céim Nua d'infheistíocht ó Chomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon daingnithe Teagmháil coinnithe leis na ranna rialtais ábhartha ar chursaí foirne oibre Tús curtha le clár tacaíochta le MEPanna nua a chur ar bun. Pleananna straitéiseacha 5-bliana curtha i gcrích, chomh maith le trí cinn de MEPanna breise ar Chéim 1 Cuireadh imeachtaí Líonra Gairmiúil Foghlama ar fud MEPanna a dhírigh ar fhoghlaim a roinnt agus ar shárchleachtas a chur chun cinn Leagadh amach plean cumarsáide straitéiseach do Music Generation agus cuireadh an plean i bhfeidhm chun cur le heolas an phobail ar phríomhdhreamanna trí chaidreamh poiblí agus margaíocht spriodhírthe ar fud cainéil chumarsáide éagsúla Forbairt bhreise ar an gClár Young Ambassadors go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trí bheo-léiriú agus trí ardáin dhigiteacha.

Tosaíocht Straitéiseach 3: CÁILÍOCHT		
Sprioc	Gníomhartha	Spriocanna a cuireadh chun cinn in 2017
<ul style="list-style-type: none"> Oibriú leis na comhpháirtithe go léir laistigh de Chomhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Music Generation leis an gcáilíocht is airde taithí a bhaint amach do leanaí/daoine óga san oideachas i seinm an cheoil 	<ul style="list-style-type: none"> Cultúr láidir maidir le foghlaim comhroinnte a chothú ar fud Líonra MEP Music Generation trí: <ul style="list-style-type: none"> Tacaíocht a thabhairt do MEPanna chun ardchaighdeán ealaíne agus oideachais a fhorbairt, a chur in iúl, agus a chothabháil sa phleanáil straitéiseach a dhéanann siad maidir leis an oideachas i seinm an cheoil Leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ghairmiúil agus i líonraí foghlama do cheoltóirí chun tacú lena gcaidreamh le cur chuige nuálach agus bealaí nua smaointeoireachta maidir le hobair ó thaobh an oideachais i seinm an cheoil Cuireadh ardán ar fáil do thionscnaimh faoi stiúir ceoltóra ar mhaithe le torthaí ceoil dearfacha a bhaint amach do leanaí/daoine óga agus aitheantas a thabhairt don riachtanas atá ag ceoltóirí saibhriú a dhéanamh ar an obair chruthaitheach atá idir lámha acu Leantar le hinfheistíocht a dhéanamh i Líonra an Oifigigh Forbartha/an Chomhordaitheora Ceoil, ag neartú a gcuid feidhmeanna mar fhóram forbartha gairmiúil cumhachtaithe chun tacaíocht a thabhairt don phríomhról ceannaireachta seo Leantar le hinfheistíocht a dhéanamh sa taighde le fócas ar cháilíocht a chur in iúl agus sárchleachtas a roinnt ar fud na héagsúlachta maidir leis an oideachas i seinm an cheoil 	<ul style="list-style-type: none"> Dul chun cinn déanta trí fheidhm leanúnach Tacaíochta agus Forbartha na hOifige Náisiúnta Forbartha <ul style="list-style-type: none"> Réimse tacaíochtaí comhairleoireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ionchur saineolaíoch a chuirtear ar fáil do MEPanna/a mbaineann MEPanna leas astu chun tuiscint phraiticiúil a chothú agus múnla oideachais ceoil thabhibithe ar ardchaighdeán a chur ar fáil atá bunaithe ar phrionsabail na héagsúlachta Cuireadh tacaíocht ar fáil do réimse tionscnamh forbartha gairmiúla agus traenála do cheoltóirí ag an leibhéal áitiúil faoin tsraith Tionscadail Náisiúnta. Chuathas i mbun oibre le MEPanna chun tacú le ról Príomhcheoltóir a bhunú chun foirne a fhorbairt, cur le seachadadh an chláir agus torthaí ar ardchaighdeán a shamhlú do leanaí agus do dhaoine óga. Cruinnithe cónaitheacha démhíosúla agus bliantúla de chuid Líonra Ceannaireachta Music Generation a eagrú agus a sheachadadh Seimineáir réigiúnacha a chur ar fáil chun tacú le taighde a scaipeadh ar <i>Possible Selves in Music</i>

	<ul style="list-style-type: none">- Fóraim éagsúla a chomhordú chun foghlaim/malartú eolais a éascú laistigh de MEPanna, idir MEPanna atá ann cheana agus MEPanna nua	<ul style="list-style-type: none">- Tugadh tacaíocht do MEPanna aonair ról ceannaireachta a ghlacadh trí thionscadail chomhoibríocha a fhorbairt i réimsí speisialtóireachta cleachtais faoin tsraith Tionscadail Náisiúnta
--	---	---

3. Tionchar

Leagtar amach san eolas seo a leanas an tionchar a bhí ag obair Music Generation le linn na bliana 2017:

Breis Rannpháirtíochta, Forbairt Clár, Deiseanna Fostaíochta

- **48,500** deis do leanaí agus daoine óga a bheith rannpháirteach i dteagasc an cheoil, leanaí nach mbeadh an rogha acu teacht ar cheol ná a bheith páirteach ann murach sin. Is ionann é seo agus ardú **18%** sa rannpháirtíocht ón mbliain roimhe sin
- Cruthaíodh **400** deis fostaíochta, ceoltóirí go príomha
- Teagasc ar fáil i níos mó ná **800** ionad ar fud 11 comhthéacs teagaisc
- **12** Banc Uirlisí
- Cuireadh **58,500** uair an chloig teagaisc ar fáil
- Cuireadh **150** clár difriúil ar fáil ar fud na seánraí ceoil go léir
- **8,100** uirlis ceoil do cheoltóirí óga

Áirítear ar bhuaicphointí roghnaithe ó 2017 ...

- I mí **EANÁIR** tháinig ceoltóirí óga ó Music Generation Laoise, An tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton T.D. agus Adam Clayton le chéile i mBaile Átha Cliath chun a fhógairt go raibh an próiseas iarratais don chéad céim eile de chuid an chlár oscailte. [Léigh tuilleadh](#)
- Tháinig borradh faoin mBuiríos, Contae Cheatharlach, i mí **FEABHRA** nuair a tugadh 110 ceoltóir óg as 8 gcontae le chéile ag an tríú Music @ Mount Leinster Festival chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gceol traidisiúnta. [Féach ar an bhfíseán](#)
- Thug 13 ball de *Laois Harp Ensemble Music Generation* aghaidh ar an *Edinburgh International Harp Festival* agus a gcuid uirlisí in éineacht leo an 31 **MÁRTA**, áit ar chas siad le ceoltóirí ó ar fud na cruinne le haghaidh cúig lá de cheardlanna, ceolchoirmeacha agus imeachtaí. [Léigh tuilleadh](#)



- Láthair bhríomhar ceoil a bhí i gCathair Chorcaí i mí **AIBREÁIN** nuair a tháinig ceoltóirí óga as Ceatharlach agus Maigh Eo chun seinm le rannpháirtithe de chuid na gclár prásuirlisí agus gaothuirlisí don chlár cónaitheach 'Brass Off!' - féile ceardlann, cleachtaí agus taispeántas comhoibríoch. [Féach físeán](#)

- I mí **BEALTAINE** reáchtáladh ‘Music Generation Live at the Milk Market’, an dara comhthionól náisiúnta do cheoltóirí óga rac agus popcheoil agus a gcuid teagascóirí ag Music Generation Chathair Luimnigh. Ghlac níos mó ná 110 ceoltóir óg as gach ceantar comhpháirtíochta in Éirinn páirt sa cheardlann lae agus sa taispeántas poiblí seo. [Féach físeán](#)



- I mí **MEITHIMH** ghabh ceoltóirí óga de chuid Music Generation Laoise go dtí lár an stáitse ag Comhdháil Dhomhanda The Ireland Funds, áit ar chas siad do lucht éisteachta agus do thoscairí náisiúnta agus idirnáisiúnta; An Chaoin-Mhórgacht an Prionsa Albert II, Prionsa Ceannasach Mhonacó, agus An Taoiseach Leo Varadkar ina n-aíonna oinigh ina measc. [Léigh Tuilleadh](#)
- I mí **IÚIL** chas dhá ensemble ceoil thraidisiúnta as Contae Laoise agus as Contae Cheatharlach don Uachtarán Michael D. Higgins agus do Sabina Higgins ag dhá chóisir gairdín samhraidh in Áras an Uachtaráin, rud a rinne ceiliúradh ar obair daoine agus eagraíochtaí atá gníomhach ina gcuid pobal féin. [Léigh Tuilleadh](#)



- Rinneadh óstáil i mí Lúnasa ar 110 ceoltóir traidisiúnta óg as ocht gcontae ag Music Generation an Chláir ag Fleadh Cheoil na hÉireann 2017. Bhí sráideanna na hInse beo le ceol, rince agus amhrán nuair a chas gach grúpa díobh seit ar Gig Rig na Fleidhe. [Féach físeán](#)
- Bhí ceoltóir óg as Cathair Chorcaí Caoimhe Barry in éineacht leis an Stiúrthóir Náisiúnta Rosaleen Molloy i stiúideo RTÉ i mí **Mheán Fómhair** agus na naoi gceantar nua a roghnaíodh le bheith comhpháirteach sa dara céim á bhfógairt go hoifigiúil. [Éist siar](#)

- Chuaigh 13 ceoltóir iontacha de chuid Music Generation Cheatharlach go Sitges, Barcelona ar eitleán le linn an deireadh seachtaine saoire bainc i mí **DHEIREADH FÓMHAIR** chun taispeántas a thabhairt i gcomhar le curadh domhanda an rince Ghaelaigh, David Geaney, faoi stiúir an fhlúiteadóir James Mahon. [Féach ar an taispeántas](#)



- Ba é Port Laoise an baile óstach don dara Tionól na bPíob Uilleann agus na gCláirseach a chuirtear ar bun gach bliain deireadh seachtaine i mí na **SAMHNA** agus ina réachtáiltear ceardlanna, seisiúin agus taispeántais, agus ar a bhfreastlann níos mó ná 150 ceoltóir gairmiúil agus ceoltóir óg de gach aois agus as 11 contae éagsúla. [Féach físeán](#)
- Bhí níos mó ná 50 fliúiteadóir óg as sé chomhpháirtíocht éagsúla de chuid Music Generation i gcomhlúadar na gceoltóirí clúiteacha Sir James agus Lady Jeanne Galway do mháistir-rang agus do dheis taispeántais ag Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann i mí na **NOLLAG**. [Léigh Tuilleadh](#)



4. Rialachas

- 4.1** Tá próisis oibriúcháin agus rialachais i bhfeidhm ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil Music Generation ag feidhmiú go héifeachtúil agus ag comhlíonadh dualgais rialachais a lucht maoinithe go léir.
- 4.2** Tá córas éifeachtach bainistíochta airgeadais, comhlíonadh agus tuairiscithe i bhfeidhm. Áirítear orthu seo:
- Monatóireacht ar thuairiscí airgeadais ag cruinnithe rialta bainistíochta
 - Cuireadh cuntais bainistíochta faoi bhráid Bhord Music Generation gach ráithe lena gceadú
 - Cuireadh tuairisc ar Ioncam agus ar Chaiteachas faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna uair sa ráithe
 - Tugadh an Iniúcháireacht ar ráitis airgeadais na bliana 2017 chun críche. Is ar Bhord na Stiúrthóirí a bhí an fhreagracht cuntais chríochnúla na cuideachta don bhliain 2017 a ullmhú
 - Comhlíonadh maidir le gach nós imeachta cuí a bhaineann le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus caidreamh le tríú páirtí
 - Comhlíonann Music Generation gach dualgas faoin dlí maidir le cúrsaí cánach
 - Cloí leis na Cóid Iompair ábhartha Gnó maidir le fostaithe
 - Athbhreithniú bliantúil ar phríomhpholasaithe na cuideachta.
- 4.3** Comhlíonadh na coinníollacha ar fad maidir le cúrsaí rialachais arna leagan síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna:
- Tugann Music Generation straitéisí náisiúnta ábhartha, polasaithe an Rialtais agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2009) ar aird
 - Cuireadh pleananna oibre bliantúla agus tuairiscí bliantúla a ullmhaíodh don Roinn Oideachais agus Scileanna faoi bhráid i mí Eanáir 2017
 - Cuireadh cuntais Ioncaim agus Caiteachais, arna n-iniúchadh, ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna
 - Leagtar príomhbhearta oibre agus príomhspricanna Music Generation amach sa Phlean Straitéise agus tá siad ag teacht le tosaíochtaí an Rialtais agus le Ráiteas Straitéise na Roinne.

5. Comhpháirtithe Maoinithe

Tá Music Generation thar a bheith mórtasach tacaíocht a bheith acu ó:

Príomhdheontóirí Daonchairdis

U2



**Bank of America
Merrill Lynch**

Comhpháirtí Cláir



Lucht Maoinithe



Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil

Comhpháirtí Taighde



Aguisín A – Comhallas agus Freastal ar Chruinnithe Boird sa bhliain 2017

	02-Fea	05-Aib	01-Meith	20-Meith	04-MF	28-MF	19-DF	14-Nol
Leo Blennerhassett	✓	✓		✓	✓	✓	✓	✓
Pat Burke	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
An Dr Clíona Doris	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Martin Drury	✓	✓		✓	✓	✓	✓	✓
Jackie Maguire	✓	✓	✓	✓				✓
Deirdre McCrea			✓	✓	✓		✓	
James Morris	✓			✓	✓	✓	✓	✓
Shaun Purcell		✓	✓	✓			✓	✓
Bill Whelan					✓	✓	✓	✓

Aguisín B - Costais a íocadh le Comhaltaí an Bhoird i rith na bliana 2017

Níor íocadh táillí Stiúrthóirí le Baill an Bhoird in 2017.

Áirítear sna figiúirí thíos costais Chomhaltaí an Bhoird maidir le freastal ar imeachtaí Comhpháirtíochta Oideachais Ceoil agus le freastal ar chruinnithe an Bhoird.

	€
Leo Blennerhassett	
Pat Burke	
An Dr Clíona Doris	
Martin Drury	
Jackie Maguire	
Deirdre McCrea	
Shaun Purcell	370.86
James Morris	
Bill Whelan	